@EU_Health
Vacsaíniú i gcoinne na bruitíní a chur ar ais ar an mbóthar ceart
#UnitedInProtection

Tráchtanna molta
TW: @EU_Health, @EU_Commission
IG: europeancommission
FB: EuropeanCommission

Haischlibeanna:
Feachtas: #UnitedInProtection
AE: #HealthUnion

Glac páirt san fheachtas *#UnitedInProtection* agus cuidigh linn feasacht a mhúscailt faoin tábhacht agus faoi na tairbhí a bhaineann le vacsaíniú ag gach céim den saol. Mar gheall ar vacsaíniú i gcoinne na bruitíní – go ginearálta trí chomhvacsaín MMR (an bhruitíneach, an plucamas agus rubella) – tá laghdú as cuimse tagtha ar mhinicíocht na bruitíní san Eoraip, ach bíonn ráigeanna ann in áiteanna a bhfuil cónaí ar ghrúpaí daoine neamh-vacsaínithe. Mar sin, tá an bhruitíneach fós ina galar tromchúiseach. Tá vacsaíniú sábháilte agus is é an t-aon bhealach éifeachtach amháin é chun cosaint a fháil ina coinne.

Le do chuid tacaíochta, tá súil againn na teachtaireachtaí seo a scaipeadh i bhfad agus i gcéin. Tá teachtaireachtaí molta agus íomhánna ineagarthóireachta anseo thíos a d'fhéadfá a úsáid i do nuachtlitreacha, ar do shuíomhanna gréasáin agus ar na meáin shóisialta. Le cheile, táimid #UnitedInProtection.

Cártaí le haghaidh na meán sóisialta

	Cóipeáil an cárta	**Cóipeáil an phostáil**
	Is galar tromchúiseach í an bhruitíneach ar féidir í a chosc go sábháilte trí vacsaíniú. Faightear an vacsaín: bítear cosanta. #UnitedInProtection	Is galar víreasach an-tógálach í an bhruitíneach ar féidir í a tholgadh ag aois ar bith, agus is féidir í a scaipeadh go tapa agus go forleathan. Mar gheall ar vacsaíniú, tá laghdú as cuimse tagtha ar mhinicíocht na bruitíní san Eoraip, ach tá méadú ag teacht ar an líon cásanna arís. Bíonn ráigeanna ann nuair is ann do ghrúpaí daoine neamh-vacsaínithe. Faightear an vacsaín: bítear cosanta. Faigh tuilleadh eolais ag 👉 [link] #UnitedInProtection
	Le linn na paindéime, chaill na milliúin páistí amach ar vacsaínithe tarrthála, vacsaínithe i gcoinne na bruitíní san áireamh, ach níl sé ródhéanach teacht suas leo. Faightear an vacsaín: bítear cosanta. #UnitedInProtection	Ní fhacthas a leithéid den phaindéim riamh, agus chuir sí isteach ar gach gné dár saol. Mar sin féin, is léir na tairbhí a bhaineann le vacsaíniú ar feadh an tsaoil, mar sin cuirimis ar ais ar an mbóthar ceart é. Labhair le do sholáthraí cúraim sláinte faoi vacsaíniú cúitimh i gcoinne MMR a fháil má chaill tú féin nó do pháiste amach ar cheachtar den dá dháileog a mholtar. Faigh tuilleadh eolais ag ➡ [link]

		#UnitedInProtection
	Tá an vacsaín i gcoinne na bruitíní in úsáid le beagnach 60 bliain anuas. Tá sí sábháilte agus oibríonn sí. Faightear an vacsaín: bítear cosanta. #UnitedInProtection	Is mian le gach tuismitheoir an chuid is fearr den saol a thabhairt dá pháistí. Trí eolas a fháil ó fhoinsí iontaofa, is féidir leat na cinntí is fearr a dhéanamh agus tús sláintiúil sa saol a thabhairt do do pháistí. Tá péidiatraí nó soláthraí cúram sláinte do pháiste ann chun aon cheist a d'fhéadfadh a bheith agat a fhreagairt. Bímis go léir #UnitedInProtection Faightear an vacsaín: bítear cosanta. Faigh tuilleadh eolais ag 👉 [link]